# 12 Dul Chun Cinn faoin Scéim Comhiomlánaithe Talún

**12.1** Tacaíonn an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil (an Roinn)[1] le húdaráis áitiúla chun talamh a fháil le haghaidh na tithíochta sóisialta agus inacmhainne. Roimhe seo, áiríodh leis seo údarú d'údaráis áitiúla chun iasachtaí a fháil chun na críche sin ón nGníomhaireacht Airgeadais Tithíochta (HFA). Mar thoradh ar an ngéarchéim airgeadais i 2008, bhí deacrachtaí ag go leor údarás áitiúil aisíocaíochtaí iasachta a íoc leis an HFA.


**12.2** Bunaíodh an Scéim Comhiomlánaithe Talún (LAGS) in 2010 chun an t-ualach airgeadais ar údaráis áitiúla maidir le hiasachtaí HFA aibithe a mhaolú, i gcásanna nach raibh dul chun cinn déanta maidir le forbairt an talaimh chónaithe ghaolmhair.

**12.3** Mar chúiteamh ar mhaoiniú LAGS, ceanglaíodh ar údaráis áitiúla an talamh gaolmhar a aistriú, ar tháille ainmniúil €1 in aghaidh an láithreáin, chuig comhlacht sainchuspóra darb ainm Housing and Sustainable Communities Ltd. Níl an comhlacht sin ann a thuilleadh agus aistríodh na sócmhainní go léir a bhí ann, lena n-áirítear an talamh, chuig an nGníomhaireacht um Thithíocht agus Pobail Inbhuanaithe (an Ghníomhaireacht Tithíochta).

**12.4** Léiríonn Fíor 12.1 oibriúchán LAGS agus leagtar amach ann na socruithe maoinithe faoin scéim bhunaidh chomh maith le socruithe athbhreithnithe a tugadh isteach in 2012. Dúnadh an scéim i mí na Nollag 2013 agus níor glacadh le haon iarratais eile ina dhiaidh sin.

1 Tthar ag súil leis go n-athrófar ainm na Roinne go dtí an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Fíor 12.1 Léargas ar oibríochtaí agus socruithe maoinithe LAGS**




- Suas go dtí 2011, chuir an Roinn maoiniú LAGS ar fáil d'údaráis áitiúla chun iasachtaí a fhuascailt ina n-iomláine ón HFA.
- Ó 2012 i leith, athraíodh iasachtaí HFA go morgáistí agus d'aisíoc an Roinn údaráis áitiúla as na haisíocaíochtaí iasachta.
- Sa dá chás, b'éigean don talamh ábhartha a bheith aistrithe ón údarás áitiúil chuig an nGníomhaireacht Tithíochta.

Foinse: Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Nóta: a Faoi na socruithe a bhí ann ag an tosach, níorbh éigean don údarás áitiúil an talamh a aistriú sula bhfuair siad an maoiniú ón Roinn. Ó 2012 i leith, bhí an maoiniú LAGS ag brath ar an talamh a bheith aistrithe cheana féin.

**12.5** Tá tuairisc déanta agam roimhe seo ar LAGS, inar pléadh le hábhair a bhaineann le forbairt na scéime, le haistriú láithreán chuig an nGníomhaireacht Tithíochta agus le forbairt na láithreán sin ina dhiaidh.[1]

**12.6** Sa scrúdú seo, tá eolas nuashonraithe ar fáil maidir le haistriú láithreán ceadaithe ó údaráis áitiúla agus déantar athbhreithniú ann ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGníomhaireacht Tithíochta maidir le forbairt láithreáin atá aistrithe. Tá léargas ar fáil ann freisin ar an maoiniú LAGS go dtí seo agus pléitear tuairimí ann chomh maith ar thionchar na scéime i gcomhthéacs leibhéal féichiúnais na n-údarás áitiúil.


## Talamh a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta

**12.7** As na 47 láithreán (172 heicteár san iomlán) a ceadaíodh le haistriú faoin gcéad leagan de LAGS le linn 2010 agus 2011, tá 46 láithreán aistrithe go hiomlán agus cláraithe faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta anois.[2]

**12.8** As na 26 láithreán (76 heicteár iontu san iomlán) a ceadaíodh ón am ar tugadh isteach na socruithe maoinithe athbhreithnithe LAGS in 2012, tá 22 cheann aistrithe go hiomlán anois agus cláraithe faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta. Maidir leis na ceithre láithreán eile (8.6 heicteár iontu san iomlán), aistríodh úinéireacht thairbhiúil chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ach tá clárú teidil ar feitheamh san Údarás Clárúcháin Maoine.[3]

**12.9** I bhFíor 12.2, léirítear an ráta ag ar aistríodh úinéireacht láithreán LAGS ó údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht Tithíochta. Tharla an chuid is mó (85%) de na 73 aistriú láithreáin atá déanta in 2014 nó in 2015.

**Fíor 12.2 Aistriú láithreán LAGS chuig an nGníomhaireacht Tithíochta (líon carnach), 2011 go 2020[a,b]**




Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta

Nótaí:
a In Iarscríbhinní 12B agus 12C, faoi seach, tá sonraí faoi láithreáin a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoi na socruithe bunaidh LAGS agus faoi na socruithe athbhreithnithe.
b Maidir le cúig láithreán, aistríodh úinéireacht thairbhiúil chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ach tá an clárú teidil fós ar feitheamh in Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann.

1 Caibidil 6, *Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2013; Caibidil 5, Tuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí 2015.*

2 D'aistrigh Comhairle Contae Chorcaí úinéireacht thairbhiúil ar láithreán 13.5 heicteár i mBeanntraí chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ach tá clárú teidil an láithreáin ar feitheamh san Údarás Clárúcháin Maoine.

3 Láithreán beag (0.11 heicteár) atá i gceist le ceann de na ceithre cinn atá ar Bhóthar na Darach Ríoga, Co. Cheatharlach. Mar gheall ar an méid airgid atá i gceist a bheith réasúnta íseal (thart ar €50,000), glanadh an iasacht ghaolmhar de chuid HFA don láithreán seo go huile is go hiomlán cé gur ceadaíodh an t-iarratas tar éis na socruithe athbhreithnithe LAGS a bheith curtha i bhfeidhm.

## Talamh arna forbairt ag an nGníomhaireacht Tithíochta

**12.10** Tá an Ghníomhaireacht Tithíochta freagrach as láithreáin a aistrítear chuici faoin scéim a bhainistiú, lena n-áirítear straitéis a fhorbairt chun an talamh a úsáid. Agus roghanna forbartha á mbreith le haghaidh láithreán ar leith a aistríodh chuici faoi LAGS, lorgaíonn an Ghníomhaireacht Tithíochta ionchur ón údarás áitiúil ábhartha agus ó pháirtithe leasmhara eile. Ní mór don Ghníomhaireacht Tithíochta cead a fháil ón Aire Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil sula ndéantar láithreán a dhiúscairt nó a fhorbairt. Ag deireadh 2019, bhí úinéireacht fós ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar 92% den talamh a aistríodh chuici faoi LAGS.[1]

**12.11** Ó dúnadh an scéim d'iarratais nua i mí na Nollag 2013, is ar fhorbairt agus úsáid na láithreán atá an bhéim dírithe i LAGS.

**12.12** Bhí na láithreáin a aistríodh ó údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faighte ag údaráis áitiúla roimh 2007/2008 le haghaidh tionscadal tithíochta sóisialta. I gciorclán a cuireadh amach in 2010[2] ina ndearnadh fógra go mbunófaí LAGS, thug an Roinn dá haire gur dócha go mb'fhéidir nach n-úsáidfí roinnt talún a cheannaigh údaráis áitiúla le haghaidh tionscadal tithíochta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma ar chúiseanna lena n-áirítear ró-sholáthar sa mhargadh tithíochta agus athruithe i mbeartas tithíochta seachas forbairtí móra 'páirce glas'.

**12.13** Faoi LAGS, ní féidir talamh a aistriú ach amháin talamh a raibh acmhainn réasúnta forbartha cónaithe aige agus nach raibh pleananna ar bith ann ina leith chun é a fhorbairt sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Ní raibh aon dualgas ar na húdaráis áitiúla páirt a ghlacadh sa scéim. Rinne an Roinn na láithreáin a cheadú nó a dhiúltú le bheith áirithe sa scéim tar éis di breithniú a dhéanamh ar mheasúnú a rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta.

**12.14** I mí Feabhra 2018, chuir an Ghníomhaireacht plean forbartha straitéisí agus bainistíochta le chéile le haghaidh láithreáin LAGS. Ba é príomhaidhm an phlean ná bealach a leagan amach chun forbairt tithíochta a bhaint amach ar fhormhór thailte LAGS laistigh de theorainneacha na dea-phleanála, na bpobal inbhuanaithe agus na féidearthachta airgeadais. Faoin bplean straitéiseach, rinneadh láithreáin LAGS a ghrúpáil de réir a n-acmhainne inmharthanachta agus forbartha agus rinneadh iad a aicmiú mar

- réidh le forbairt láithreach — 36 láithreán (159 heicteár), é sin nó
- láithreáin nach dócha go mbeidh siad oiriúnach don fhorbairt sa ghear-théarma mar gheall ar easpa éilimh ar thithíocht, criosú nó saincheisteanna eile — 37 láithreán (89 heicteár).

**12.15** Measadh sa phlean go raibh an fhéidearthacht ann sna 36 láithreán a bhí réidh le forbairt láithreach timpeall 3,370 teach a sholáthar. Mar atá leagtha amach i bhFíor 12.3, bhí raon straitéisí seachadta beartaithe do na láithreáin sin. Measadh go raibh acmhainn forbartha de thart ar 1,900 teach sna 37 láithreán eile.[3]

1 In Iarscríbhinn 12A tá sonraí ar fáil faoi roinnt cásanna inar aistrigh an Ghníomhaireacht Tithíochta úinéireacht, ar láithreán iomlán nó cuid de a fuarthas faoi LAGS, chuig tríú páirtí.

2 Ciorclán *SHIP* 2010/09, *Socruithe athbhreithnithe chun talamh a mhaoiniú chun críocha na tithíochta sóisialta agus na Scéime Comhiomlánaithe Talún*, Aibreán 2010.

3 Maidir leis na 37 láithreán tánaisteacha, breithníonn an Ghníomhaireacht tograí lena bhféadfaí iad a chur in úsáid sa mheántéarma nó san fhadtéarma.

**Fíor 12.3 Straitéisí seachadta atá áirithe i bplean straitéiseach 2018**


| Rogha seachadta[a] | AcmhainnForbartha Mheasta (líon tithe) |
|---|---|
| Próiseas r-tairisceana chun comhpháirtithe forbartha a aimsiú | 1,780 |
| Forbairt faoi stiúir údarás áitiúil (ÚA) | 847 |
| Forbairt faoi stiúir comhlachta ceadaithe tithíochta (CCT) | 324 |
| Forbairt trí comhpháirtíocht phoiblí phríobháideach | 246 |
| Forbairt faoi stiúir ÚÁ, agus an úinéireacht aistrithe chuig CCT nuair atá an fhorbairt críochnaithe | 175 |
| **Iomlán** | **3,372** |

Foinse: Plean Forbartha agus Bainistíochta Straitéisí LAGS 2018, An Ghníomhaireacht Tithíochta

Nóta: a Tá gnéithe de dhá rogha seachadta nó níos mó i dtrí cinn de na tionscadail forbartha.

**12.16** Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta in iúl don fhoireann scrúdaithe go bhfuil tús áite á thabhairt faoi láthair don fhorbairt láithreán a bhfuil seirbhísiú déanta orthu cheana agus ag a bhfuil an acmhainn is mó chun tithíocht a sholáthar ar scála sa chreat ama is giorra. I bhFíor 12.4, léirítear an méid forbartha atá tar éis a bheith déanta ar fud gach láithreán LAGS. In Iarscríbhinn 12B agus in Iarscríbhinn 12C, léirítear na láithreáin atá áirithe sna catagóirí éagsúla.

**Fíor 12.4 An dul chun cinn maidir le forbairt láithreáin LAGS, amhail deireadh mhí na Nollag 2019[a]**




Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta. Anailís a rinne Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste.

Nóta: a Léiríonn na céatadáin a thaispeántar na heicteáir i ngach catagóir mar chion den líon heicteár iomlán atá ann ar fud na 73 láithreán go léir.

### *Forbairt críochnaithe nó fós ar siúl (19 láithreán, 14% den limistéar iomlán)*

**12.17** Tá 98 aonad tithíochta sóisialta críochnaithe ar láithreáin LAGS go dtí seo. Tá 762 aonad eile ag céimeanna éagsúla den fhorbairt fhisiciúil, agus cuirfear 50 díobh ar fáil do thionóntaí príobháideacha faoin tsamhail náisiúnta um chíos ar chostas.[1] Tá na forbairtí atá críochnaithe nó atá idir lámha scaipthe ar 19 láithreán éagsúla (35 heicteár).[2]

### *Pleananna forbartha nó maoiniú ceadaithe (4 láithreán, 5% den limistéar iomlán)*

**12.18** Tá sonraí faoi na ceithre láithreán (13.3 heicteár), a bhfuil pleananna forbartha nó maoiniú ceadaithe acu, le feiceáil i bhFíor 12.5. Mheas an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil sé de chumas ag na láithreáin seo suas le 800 aonad a sholáthar.

**Fíor 12.5 Láithreáin LAGS a bhfuil pleananna nó ceadú maoinithe acu, stádas amhail Bealtaine 2020**

| *Láithreán* LAGS | Forbróir | Cuspóir | Staid cúrsaí amhail Bealtaine 2020 |
|---|---|---|---|
| *Cnoc na Croiche, Port Láirge* | Forbróir príobháideach agus Comhairle Contae Phort Láirge | Aonaid tithíochta inacmhainne agus sóisialta a fhorbairt. | Táthar chun tús a chur leis an obair thógála in 2021. |
| Lios Uí Mhulláin, Baile Átha Luain<br>(2 láithreán) | *Alanna Homes Roadbridge JV* agus Comhairle Contae na hIarmhí | Forbairt tosaigh de 200 aonad tithíochta agus an fhéidearthacht 370 ceann eile a thógáil ina dhiaidh, le thart ar 30% de na haonaid mar aonaid tithíochta sóisialta agus an chuid eile díobh le haghaidh na tionachta phríobháidí. | Tá an obair thógála le tosú in 2020.<br>Tá an cuibhreannas chun an bóthar rochtana agus na haonaid tithíochta a thógáil thar sé chéim. Mar choinníoll a bhaineann leis an aistriú chuig an gComhairle Contae, tá ceanglas ann na háitribh a fhorbairt agus a chríochnú sna céimeanna ábhartha agus i scálaí ama sainithe. |
| Bóthar Naomh Seosamh, Mala | N/B | | Ceadú i bprionsabal faighte. Féadfar na tailte a aistriú chuig Comhairle Contae Chorcaí lena bhforbairt le coinníollacha comhchosúla agus a chuirtear i bhfeidhm ar Lios Uí Mhulláin. |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta

1 Faoi shamhail an chostais ar cíos, ní chumhdaíonn na cíosanna a ghearrtar ach amháin an costas a thabhaítear chun na haonaid chónaithe a sholáthar, a bhainistiú agus a chothabháil.

2 Ag láithreán 24 heicteár amháin in Hampton, Baile Brigín, tá forbairt críochnaithe i gcuid (1.4 heicteár) den láithreán. Tá an chuid eile den láithreán le forbairt ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún.

### *Talamh le tograí le haghaidh forbartha (18 láithreán, 19% den limistéar iomlán)*

**12.19** I mí Mheán Fómhair 2018, lorg an Ghníomhaireacht Tithíochta léirithe spéise ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta a raibh taithí agus acmhainní acu chun obair i gcomhar leis an nGníomhaireacht ar roinnt láithreáin LAGS chun iad a fhorbairt. Fuarthas freagraí maidir le hocht láithreán a bhí oiriúnach le forbairt láithreach bonn. Meastar go bhfuil an fhéidearthacht ann 324 aonad tithíochta a sholáthar ar na láithreáin. Amhail Bealtaine 2020, bhí gach ceann de na hocht láithreán sin ag céim luath dá bhforbairt lena n-áirítear forbairt choincheapa an láithreáin, iniúchadh féidearthachta agus gníomhaíochtaí réamhphleanála eile. Maidir le haon láithreán amháin, tá sé beartaithe go ndéanfar an t-iarratas pleanála a thaisceadh i mí Dheireadh Fómhair 2020.

**12.20** Ar bhonn ar leith uaidh sin, fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta deich bhfreagra ó chomhlachtaí ceadaithe tithíochta ar chuireadh chun tograí a chur ar aghaidh maidir le láithreáin a measadh nach raibh réidh le forbairt láithreach. Meastar go bhfuil an fhéidearthacht ann 699 aonad tithíochta a sholáthar ar na láithreáin seo. Amhail Bealtaine 2020, cuireadh trí thogra ar fionraí agus rinneadh iad a aicmiú mar neamhoiriúnach le haghaidh forbartha, mar gheall ar shrianta criosaithe, go príomha. Tá na seacht láithreán eile, ar meastar go bhfuil an fhéidearthacht acu 423 aonad tithíochta a sholáthar, ag céim luath dá bhforbairt.

### *Le bheith forbartha ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún (3 láithreán, 14% den limistéar iomlán)*

**12.21** Tá sé ráite ag an Roinn, maidir le trí láithreán[1] atá aicmithe mar chinn atá réidh le forbairt láithreach ach nach bhfuil á bhforbairt faoi láthair, go n-aistreofar iad chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún (Fíor 12.6 agus Iarscríbhinn 12B).

1 Tá na trí láithreán sin lonnaithe ag Hampton, Baile Brigín (22.7 heicteár), ag Baile Haicéid, ag na Sceirí (7.3 heicteár) agus ag Dún Uí Dhubhuí (Beairic), An Nás, (4 heicteár).

**Fíor 12.6 An Ghníomhaireacht Forbartha Talún — Socruithe bunaíochta agus cuntasachta**

Bunaíodh an Ghníomhaireacht Forbartha Talún ar bhonn eatramhach (go dtí go n-achtófaí príomhreachtaíocht) i Meán Fómhair 2018.

Bunaíodh an Ghníomhaireacht agus é mar aidhm aici an tairbhe is fearr is féidir a bhaint as talamh faoi rialú an Stáit, le fócas ar sholáthar tithíochta. Chuir an Rialtas maoiniú caipitil de €1.25 billiún ar fáil chun tacú le gníomhaíochtaí na Gníomhaireachta.

Deirtear san ordú bunaíochta don Ghníomhaireacht (IR 352 de 2018) go ritheann an chéad tréimhse airgeadais don Ghníomhaireacht ón 14 Meán Fómhair 2018 go dtí an 31 Nollaig 2019. Tá foráil déanta san IR don Ghníomhaireacht iniúchóirí a cheapadh le haghaidh a ráiteas airgeadais. Tá gnólacht príobháideach ceaptha ann chun na ráitis airgeadais a iniúchadh dá chéad tréimhse airgeadais.

Foráiltear leis an scéim ghinearálta do Bhille na Gníomhaireachta Forbartha Talún 2019 go mbeidh ráitis airgeadais na Gníomhaireachta agus de chuid na n-aonán grúpa dá cuid (nuair atá siad curtha i mbun faoin reachtaíocht) faoi réir a n-iniúchta ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste; agus go mbeidh an Ghníomhaireacht cuntasach do Choiste na gCuntas Poiblí. Mar sin féin, ós rud é nár achtaíodh an Bille go fóill, níor sannadh ról an iniúchóra don Ard-Reachtaire Cuntas agus dá bhrí sin ní thagann an Ghníomhaireacht faoi shainchúram Choiste na gCuntas Poiblí.

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil; An Ghníomhaireacht Tithíochta agus Leabhar leictreonach Reachtanna na hÉireann

**12.22** Éascóidh na haistrithe chuig an nGníomhaireacht Forbartha Talún an fhorbairt tithíochta sóisialta agus inacmhainne chomh maith leis an fhorbairt fhéideartha chun críocha scoile agus pobail. Tá na láithreáin ag céim luath dá bhforbairt agus níl na socruithe maidir le haistrithe talún tugtha chun críche. Níor socraíodh praghsanna na n-aistrithe go fóill.

### *Láithreáin gan aon phleananna nó tograí forbartha (29 láithreán, 48% den limistéar iomlán)*

**12.23** Amhail deireadh mhí na Nollag 2019, ní raibh aon phleananna forbartha ceadaithe, ná aon mholtaí forbartha déanta, maidir le beagnach leathchuid den talamh a fuair an Ghníomhaireacht Tithíochta faoi LAGS.[1]

**12.24** As na 36 láithreán a bhí aicmithe mar láithreáin le bheith curtha ar fáil le haghaidh na forbartha láithreach bonn, ní dhearnadh aon phleananna forbartha ná tograí i gceithre cinn díobh. Measann an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil an fhéidearthacht ann sna ceithre láithreán sin 781 aonad tithíochta a sholáthar.

**12.25** Ní dhearnadh aon phleananna forbartha ná tograí le haghaidh 25 de na 37 láithreán tánaisteacha. Measadh go raibh éileamh an-íseal ar aonaid tithíochta sóisialta sa chuid is mó (88%) de na láithreáin sin. Measann an Ghníomhaireacht Tithíochta go bhfuil sé de chumas ag na 25 láithreán díreach os cionn 1,100 aonad tithíochta a sheachadadh.

1 Tá aon láithreán beag amháin (0.52 heicteár) lonnaithe ag Gleann, Co. Luimnigh, nár fhorbair an Ghníomhaireacht Tithíochta é, ach díoladh é le grúpa pobail áitiúil chun tithe a fhorbairt do dhaoine scothaosta (féach ar Fhíor 12A.1).

## Cuntasaíocht a dhéanamh ar luachanna láithreáin

**12.26** Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta luach ar na láithreáin ar dtús ag an bpraghas a ceannaíodh iad, is é sin le rá €1, ina ráitis airgeadais. D'iarr an Roinn comhairle dlí ina dhiaidh sin ó Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit maidir leis an gcóireáil chuntasaíochta iomchuí i bhfianaise choinníollacha na scéime agus, go háirithe, na srianta ar an gcaoi a bhféadfadh an Ghníomhaireacht Tithíochta talamh LAGS a úsáid nó a dhiúscairt.

**12.27** In 2018, d'fhostaigh an Ghníomhaireacht Tithíochta roinnt luachálaithe cáilithe chun luachálacha a dhéanamh ar na 69 láithreán LAGS a bhí fós faoina húinéireacht. Is é an praghas ceannaigh a d'íoc na húdaráis áitiúla ar na láithreáin sin ná thart ar €115 milliún. Is ionann na luachálacha don bhliain 2018 agus €55 milliún.[1] Anois aithnítear an talamh ag luach an mhargaidh i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta.

**12.28** Chuir an Ghníomhaireacht Tithíochta in iúl nach bhfuil aon dáta sceidealta don chéad athluacháil eile ar na láithreáin LAGS.

## Maoiniú LAGS d'údaráis áitiúla

**12.29** D'íoc údaráis áitiúla thart ar €125 milliún chun na 72 láithreán a aistríodh faoi LAGS a fháil amhail an 31 Nollaig 2019.[2]

**12.30** D'íoc an Roinn €111 milliún le húdaráis áitiúla le linn 2010 agus 2011 chun na hiasachtaí HFA a bhaineann leis na 47 láithreán arna gceadú faoin gcéad leagan de LAGS a fhuascailt. Níl aon oibleagáidí maoinithe breise ag an Roinn faoi LAGS maidir leis na láithreáin sin.

**12.31** Nuair a dúnadh LAGS d'iontrálaithe nua i mí na Nollag 2013, ba é an t-iarmhéid gan íoc ar na hiasachtaí blianachtaithe le haghaidh 25 láithreán arna gceadú shocruithe athbhreithnithe LAGS ná €52.1 milliún. Tá tiomantas leanúnach ag an Roinn na húdaráis áitiúla a aisíoc i leith íocaíochtaí caipitil agus úis a dhéantar leis an HFA i ndáil leis na hiasachtaí sin.

**12.32** I gcás roinnt údarás áitiúil, caithfear fáltais bharrachais Chánach Maoine Áitiúil (CMÁ) a fhritháireamh i gcoinne éilimh faoi LAGS, agus ar an gcaoi sin an méid atá le haisíoc ag an Roinn a laghdú.[3]

**12.33** Ón am ar cuireadh socruithe athbhreithnithe LAGS i bhfeidhm, suas go dtí an 31 Nollaig 2019, d'éiligh údaráis áitiúla €12.2 milliún i leith aisíocaíochtaí a rinneadh ar iasachtaí blianachtaithe HFA. As an méid iomlán sin, rinneadh €2.5 milliún i bhfáltais bharrachais CMÁ a fhritháireamh i gcoinne na n-éileamh sin agus d'aisíoc an Roinn an t-iarmhéid de €9.7 milliún leis na húdaráis áitiúla.

**12.34** Amhail an 31 Nollaig 2019, is ionann an t-iarmhéid atá gan íoc ar na hiasachtaí blianachtaithe agus €41 milliún (miondealú in Iarscríbhinn 12C). Measann an Roinn go mbeidh thart ar €2.7 milliún in aghaidh na bliana i gceist leis an gcostas íocaíochtaí caipitil agus úis amach anseo, ag brath ar na rátaí úis a bheidh i bhfeidhm. Mar a tharla blianta eile a tháinig roimhe seo, is dóigh go roinnfear an costas sin idir an maoiniú vótáilte agus barrachais i bhfáltais CMÁ na n-údarás áitiúil.

1 Tá miondealú ar na luachálacha in aghaidh an láithreáin le fáil in Iarscríbhinn 12B agus Iarscríbhinn 12C. Tharla roinnt diúscairtí páirteacha ó rinneadh na hathluachálacha.

2 Aistríodh an láithreán deiridh in 2020. Rinneadh praghas ceannaigh na láithreán ar leith a aistríodh a ríomh ar bhonn pro-rata agus an cion den láithreán a aistríodh agus praghas ceannaigh an láithreáin iomláin curtha san áireamh.

3 De réir na bprionsabal a rialaíonn féin-mhaoiniú seirbhísí tithíochta ó fháltais bharrachais Chánach Maoine Áitiúil (CMÁ), ní mór oibleagáid féin-mhaoinithe CMÁ údarás áitiúil a chomhlíonadh sula bhféadfaidh sé maoiniú Státchiste a fháil faoi chláir ábhartha, lena n-áirítear LAGS.

## Tionchar LAGS ar fhiachas na n-údarás áitiúil

**12.35** Faoin Acht Rialtais Áitiúil 2001, tá cead ag údaráis áitiúla iasachtaí a fháil i gcúinsí áirithe. Is feidhm fhorchoimeádta ag baill údaráis áitiúil cinneadh iasacht a fháil agus caithfidh an tAire ábhartha an iasacht a cheadú.

**12.36** Breithníonn an Roinn iarratais ar iasachtaí ó údaráis áitiúla ag baint úsáide as raon táscairí lena n-áirítear an leibhéal reatha féichiúnais, an cumas chun an iasacht a ghlanadh go huile is go hiomlán, srianta ar iasachtaí faoi rialacha a bhaineann le hiarmhéid an rialtais ghinearálta agus cuspóir foriomlán na hiasachta.

**12.37** Iasachtaí HFA is cúis leis an gcuid is mó (thart ar 90%) den iasacht a dhéanann údaráis áitiúla.[1] Is mar seo a leanas an miondealú ar an iarmhéid €3.3 billiún ar iasachtaí HFA an 31 Nollaig 2018

| | |
|---|---|
| ▪ An tithíocht dheonach agus iasachtaí uisce[2] | €973 milliún |
| ▪ Maoiniú sócmhainní/deontas | €892 milliún |
| ▪ Iasachtaí morgáiste[3] | €813 milliún |
| ▪ Airgeadas idirlinne | €425 milliún |
| ▪ Úinéireacht chomhroinnte/cothromas ar cíos | €145 milliún |
| ▪ Eile | €20 million. |

**12.38** Mar chuid dá ról maoirseachta d'earnáil na n-údarás áitiúil, rud atá ar cheann de chuspóirí na Roinne is ea cinnte a dhéanamh de go bhfuil airgeadas údaráis áitiúil ar bhonn inbhuanaithe.[4] Tugadh LAGS isteach in 2010 agus é mar aidhm aige na hiasachtaí sin, atá faighte ag na húdaráis áitiúla (le ceadú na Roinne) ón HFA chun talamh a cheannach do chláir infheistíochta tithíochta sóisialta agus inacmhainne, a scaoileadh de réir a chéile.

**12.39** Cé gur tháinig laghdú suntasach ar fhiachas iomlán na n-údarás áitiúil, síos ó €5.1 billiún ag deireadh 2009 go dtí €3.6 billiún ag deireadh 2018, níl LAGS freagrach as ach cuid bheag den laghdú sin. Le linn na tréimhse sin, fuair LAGS réidh le thart ar €122 milliún i bhfiachas a bhaineann leis an talamh ó chláir chomhardaithe na n-údarás áitiúil.[5]

**12.40** Tá gealltanais mhaoinithe leanúnacha ag an Roinn d'údaráis áitiúla faoi LAGS maidir le haisíocaíochtaí ar iasachtaí le hiarmhéideanna gan íoc de €41 milliún amhail an 31 Nollaig 2019. Tá sé luaite ag an Roinn, cé go bhfanann roinnt fiachas LAGS ar leabhair na n-údarás áitiúil, nach ndéanann sé difear dá gcumas iasachtaí a fháil.

## Conclúidí agus moltaí

**12.41** Bunaíodh an Scéim Comhiomlánaithe Talún (LAGS) chun tacú le húdaráis áitiúla tríd an ualach airgeadais a bhaineann le seirbhísiú iasachtaí a tógadh ón HFA a mhaolú i gcás nár forbraíodh talamh a fuarthas chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a sheachadadh fós.

1 Faightear iasachtaí eile ó Oifig na nOibreacha Poiblí nó ó institiúidí baincéireachta tráchtála go ginearálta.

2 Is féidir forchúiteamh iomlán a fháil ón Roinn sna haisíocaíochtaí a rinne údaráis áitiúla ar na hiasachtaí seo.

3 Is iasachtaí de chineál blianachta iad seo a úsáideann údaráis áitiúla chun iasachtaí blianachta coibhéiseacha a mhaoiniú a eisítear do chustaiméirí chun tithe a cheannach. Maoinítear aisíocaíochtaí iasachta an údaráis áitiúil leis na haisíocaíochtaí comhfhreagracha óna chuid custaiméirí.

4 I gCaibidil 2, *Tuarascáil ar Sheirbhísí Poiblí 2019*, tá léargas ar fáil ar na cistí a thagann ón rialtas láir agus tríd chuig údaráis áitiúla agus na críocha dá soláthraítear na cistí.

5 Lena gcuimsítear €111 milliún d'iasachtaí a fuasclaíodh go hiomlán i rith 2010 agus 2011 agus laghdú €11 milliún ar iasachtaí ar láithreáin arna gceadú faoi shocruithe athbhreithnithe LAGS a cuireadh i bhfeidhm in 2012. Níl an tionchar, atá ag na fáltais bharrachais CMÁ a bheith fhritháirithe i gcoinne roinnt éileamh ó údaráis áitiúil faoi LAGS, curtha san áireamh sa mheastachán seo.

**12.42** Bhí sé ar phríomhghné den scéim gur cheart an talamh a aistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, ar sannadh freagracht dó as na láithreáin a bhainistiú agus a fhorbairt. Bhí moilleanna ann maidir le cuid de na haistrithe a chur i bhfeidhm. Is é staid reatha cúrsaí ná go bhfuil 68 de na 73 láithreán ceadaithe LAGS aistrithe agus cláraithe go hiomlán faoi úinéireacht na Gníomhaireachta Tithíochta. Maidir leis an gcúig láithreán eile, aistríodh úinéireacht thairbhiúil chuig an nGníomhaireacht Tithíochta ach níl an clárú teidil in Údarás Clárúcháin Maoine na hÉireann críochnaithe fós.

**12.43** Fuair údaráis áitiúla an talamh a aistríodh chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoi LAGS ar dtús ar an mbonn go raibh sé oiriúnach le haghaidh na tithíochta. Thug treoir a d'eisigh an Roinn maidir le LAGS a thabhairt isteach faoi deara nár dhócha, ar chúiseanna éagsúla, go mbainfí úsáid as cuid den talamh a gheobhaidh údaráis áitiúla le haghaidh tithíochta sóisialta sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma. Níor glacadh isteach i LAGS ach amháin talamh a raibh féidearthacht réasúnta ann go ndéanfaí forbairt chónaithe ann. I gcomhthéacs an ghanntanais reatha sa soláthar tithíochta, go háirithe d'aonaid shóisialta agus inacmhainne, is ionann an talamh sin agus deis shuntasach. Measadh go raibh an acmhainn ag baint leis an talamh thart ar 5,270 aonad cónaithe a sholáthar.

**12.44** I bplean forbartha straitéisí agus bainistíochta 2018, rinne an Ghníomhaireacht Tithíochta 36 de na 73 láithreán LAGS a aicmiú mar a bheith réidh le forbairt láithreach. Measadh go raibh an acmhainni gceist leis sin freastal ar fhorbairt 3,370 aonad chónaithe — thart ar 64% d'acmhainn fhoriomlán láithreáin LAGS. Faoi láthair, níl aon phleananna ná tograí forbartha i bhfeidhm maidir le ceithre cinn de na láithreáin sin.

**12.45** Go dtí seo, tá 98 aonad tithíochta sóisialta críochnaithe. Tá 762 aonad eile ann atá ag céimeanna éagsúla den fhorbairt, agus cuirfear 50 ceann díobh siúd ar fáil do thionóntaí príobháideacha faoin tsamhail náisiúnta um chíos costais. I dteannta a chéile, is ionann na haonaid seo mar aon agus thart ar 26% d'acmhainn mheasúnaithe na láithreán atá ar fáil le forbairt láithreach.

**Moladh 12.1**

Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta iarracht a dhéanamh pleananna forbartha a chur i bhfeidhm mar ábhar práinne do na ceithre láithreán a sainaithníodh in 2018 le bheith réidh le forbairt láithreach ach nach bhfuil aon phleananna forbartha ná tograí ina leith ann faoi láthair.

**Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh**

Comhaontaítear.

Rachaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta i gcomhairle leis na húdaráis áitiúla ábhartha agus leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún maidir leis an bhféidearthacht na tailte seo a fhorbairt a luaithe agus is praiticiúil.

**12.46** Rinneadh na 37 láithreán LAGS eile a aicmiú i bplean 2018 mar neamh-oiriúnach don fhorbairt sa ghear-théarma, de réir mar atá an cuma air, mar gheall ar easpa éilimh agus ceisteanna maidir leis an gcriosú. Níl aon phleananna forbartha ná tograí i bhfeidhm maidir le 25 de na láithreáin sin.

**Moladh 12.2**

Ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta iarracht a dhéanamh plean níos fadtéarmaí a fhorbairt do gach ceann de na láithreáin nach meastar iad a bheith réidh le forbairt láithreach bonn. Más rud é nach dócha go bhforbrófar an láithreán chun críocha tithíochta sóisialta fiú san fhadtéarma, ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta smaoineamh ar an bhféidearthacht an láithreán a chur chun tairbhe malartaí ar mhaithe le leas an phobail.

**Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh**

Comhaontaítear.

Déanfaidh an Ghníomhaireacht Tithíochta athbhreithniú breise ar láithreáin a ndearnadh iad a mheas mar láithreáin thánaisteacha inár bPlean Forbartha Straitéisí agus Bainistíochta 2018 chun fáil amach an mbeidh riachtanas meántéarmach ann le tithíocht shóisialta nó le tithíocht eile ar na láithreáin siúd nó an bhfuil riachtanais phobail eile ann a bhféadfadh na láithreáin atá i gceist freastal orthu. Faoi réir thoradh an athbhreithnithe seo, rachaidh an Ghníomhaireacht, tar éis dul i gcomhairle ar dtús leis an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus lenár mBord, agus leis na húdaráis áitiúla, agus nuair is cuí tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Forbartha Talún agus le hOifig na nOibreacha Poiblí chun déanamh amach má tá úsáideanna féideartha eile ann don talamh.

**12.47** Is ionann luach an talamh a bhí fós ag an nGníomhaireacht Tithíochta ag deireadh 2018 agus €55 milliún. Cheannaigh údaráis áitiúla an talamh sin i dtosach ar thart ar €115 milliún.

**12.48** Tá láithreáin LAGS a iompraíodh i dtosach ar an bpraghas ceannaigh €1 tuairiscithe anois ag a luach cóir i ráitis airgeadais na Gníomhaireachta Tithíochta. Níl aon dáta sceidealta don chéad athluacháil eile ar na láithreáin LAGS.

**Moladh 12.3**

Tá an talamh LAGS á choinneáil ag an nGníomhaireacht Tithíochta chun é a dhiúscairt. Ina beartas cuntasaíochta, ba cheart don Ghníomhaireacht Tithíochta tréimhse eatramhach uasta a shonrú idir athluachálacha ar thailte a choinnítear faoi LAGS, agus ba cheart a chur in iúl chomh maith cathain a bheidh an chéad athluacháil eile atá beartaithe.

**Freagra an Phríomhfheidhmeannaigh**

Comhaontaítear.

Faoi réir cheadú an Bhoird, tá an Ghníomhaireacht Tithíochta ag moladh athbhreithniú débhliantúil ar luachanna talún a thabhairt isteach, ag baint úsáide as modheolaíocht staidéir barr-deisce. Fostófar luachálaí cáilithe chun comhairle a thabhairt don Ghníomhaireacht Tithíochta maidir le gluaiseachtaí ábhartha i luachanna talún ón dáta luachála roimhe sin agus cuirfear na gluaiseachtaí luacha seo i bhfeidhm ar thailte na Gníomhaireachta. Uair gach sé bliana, déanfar athluacháil iomlán ar gach píosa talún atá faoi úinéireacht na Gníomhaireachta.

**12.50** Le linn 2010 agus 2011, chuir an Roinn maoiniú LAGS de €111 milliún ar fáil d'údaráis áitiúla chun iasachtaí HFA a fhuascailt. Ón am ar cuireadh socruithe maoinithe athbhreithnithe i bhfeidhm in 2012, suas go dtí an 31 Nollaig 2019, d'éiligh údaráis áitiúla €12.2 milliún breise i leith aisíocaíochtaí a rinneadh ar iasachtaí HFA blianachtaithe.

**12.51** Tá gealltanais mhaoinithe leanúnacha ag an Roinn d'údaráis áitiúla faoi LAGS maidir le haisíocaíochtaí ar iasachtaí le hiarmhéideanna gan íoc de €41 milliún amhail an 31 Nollaig 2019. Tá sé luaite ag an Roinn, cé go bhfanann roinnt fiachas LAGS ar leabhair na n-údarás áitiúil, nach ndéanann sé difear dá gcumas iasachtaí a fháil.

**12.52** Níor fheidhmigh an LAGS go dtí an leibhéal a bhí beartaithe ar dtús maidir le fiachas údaráis áitiúil a laghdú. Mar sin féin, tá fiachas iomlán na n-údarás áitiúil laghdaithe go mór ó €5.1 billiún ag deireadh 2009 go €3.6 billiún ag deireadh 2018.

## Iarscríbhinn 12A Láithreáin LAGS arna ndiúscairt ag an nGníomhaireacht Tithíochta

Amhail an 31 Nollaig 2019, bhí úinéireacht aistrithe ag an nGníomhaireacht Tithíochta ar ocht láithreán LAGS, an láithreán ar fad, nó cuid de, (19.4 heicteár) chuig tríú páirtithe agus bhí sí i mbun ceithre láithreán eile (6.5 heicteár) a aistriú a bhí fós faoina húinéireacht. Féach ar Fhíor 12A.1.

Coinníonn an Ghníomhaireacht aon fháltais ó dhíol láithreáin LAGS. Úsáidtear fáltais na ndíolachán chun críocha tithíochta, tar éis dul i gcomhairle leis an Roinn ina leith. Tá luach ainmniúil ag baint le haistriú láithreán chuig údaráis áitiúla chun tithíocht shóisialta agus inacmhainne a fhorbairt.

**Fíor 12A.1 Diúscairt láithreáin LAGS, amhail an 31 Nollaig 2019**

| Líon | Suíomh an láithreáin | Achar ha | Ceannaitheoir/ Faighteoir Diúscartha | Praghas € | Dáta an aistrithe/ díola | Cuspóir leis an aistriú talún |
|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | Bóthar Dhún Tháithín, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | 1.90 | An Roinn Oideachais agus Scileanna | 248,000 | 2015 (páirteach) | Bunscoil nua a thógáil. Críochnaithe. |
| 1 | Bóthar Dhún Tháithín, Mainistir Fhear Maí, Co. Chorcaí | 2.08 | C. C. Chorcaí | Luach ainmniúil | 2018 (an chuid eile den láithreán) | 46 aonad cónaithe agus 1 fhoirgneamh pobail a thógáil. Cuireadh tús leis an obair thógála i Ráithe 4, 2018 agus tá sé beartaithe le bheith críochnaithe go luath in 2020. |
| 2 | An Gleann, Co. Luimnigh | 0.52 | Glin Homes for the Elderly Ltd. | 25,000 | 2017 | Tithe a thógáil do dhaoine scothaosta. |
| 3 | Bóthar Áth na Sceire, Áth an Ghainimh, Co. Bhaile Átha Cliath | 2.80 | C.C. Dhún Laoghaire – Ráth an Dúin | Luach ainmniúil | 2018 | Tithíocht ar cíos sóisialta agus costas a thógáil. Cuireadh tús le 155 aonad cónaithe a thógáil i Meitheamh 2019. Tithe le bheith tógtha i 2021. |
| 4 | Baile an Chradógaigh, An Nás, Co. Chill Dara | 3.58 de 7.93 | C.C. Chill Dara | Luach ainmniúil | 2019 (páirteach) | 74 aonad tithíochta sóisialta a thógáil. Cuireadh tús leis an obair tógála i mí an Mhárta 2019. |
| 5 | Lána Nancy, Claonadh, Co. Chill Dara | 3.7 de 8.49 | C.C. Chill Dara | Luach ainmniúil | 2019 (páirteach) | Forbraíocht 77 aonad tithíochta sóisialta. Cuireadh tús leis an obair tógála i mí na Samhna 2019. |
| 6 | An Choill Darach, Maigh Chromtha, Co. Chorcaí | 2.26 | C.C. Chorcaí | Luach ainmniúil | 2019 | 50 aonad tithíochta sóisialta a thógáil, cuireadh tús leis i mí na Nollag 2019. |
| 7 | The Miles, Cloch na Caoilte, Co. Chorcaí | 1.99 | C.C. Chorcaí | Luach ainmniúil | 2019 (páirteach) | Tithíocht shóisialta a sholáthar. 52 aonad tithíochta sóisialta a thógáil, cuireadh tús leis i mí na Nollag 2019. |
| 8 | Dún Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara | 0.55 de 5.66 | C.C. Chill Dara | Luach ainmniúil | 2019 (páirteach) | Ionad fiontar agus nuálaíochta áitiúil a thógáil. Cuireadh tús leis an obair tógála i mí na Samhna 2019. |
| 9 | Hampton, Baile Brigín, Bhaile Átha Cliath | 1.47 de 24.21 | C.C. Fhine Gall | Luach ainmniúil | Ar siúl | Aonaid tithíochta sóisialta a sheachadadh trí thógáil tapa. |
| 10 | Bóthar Bhaile an Mhóinín, Co. na Gaillimhe | 2.27 | Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Luach ainmniúil | Ar siúl | Aonaid tithíochta sóisialta a sholáthar. |
| 11 | An Mhaoilinn, Co Chorcaí | 1.65 | Grúpa Pobail na Maoilinne | €35,000 (nach bhfuarthas fós) | Ar siúl | Láthair ghníomhaíochtaí pobail a fhorbairt. |
| 12 | Cloch Mhac Siomóin, Droichead na Bandan, Co. Chorcaí | 1.13 de 3.63 | An Roinn Oideachais | €200,000 (nach bhfuarthas fós) | Ar siúl (páirteach) | Bunscoil nua a thógáil. |

Foinse: An Ghníomhaireacht Tithíochta agus an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.

## Iarscríbhinn 12B Láithreáin arna n-aistriú ag údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, faoi shocruithe tosaigh LAGS

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA a forchúitiodh[a]** | **Líon heicteár aistrithe** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin[b]** | **Úinéir an láithreáin[c]** |
| **Forbairt críochnaithe nó ar siúl** | | | | | | | | | |
| C.C. Chorcaí | An Choill Darach, Maigh Chromtha | 3.46 | €1,238,000 | €1,126,472 | 2.26 | 07/11/2013 | Nialas | N/B | C.C. Chorcaí |
| C.C. Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin | Bóthar Áth na Sceire, Áth an Ghainimh | 3.20 | €8,825,000 | €10,257,875 | 2.80 | 27/02/2014 | Nialas | N/B | C.C. Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin |
| Comhairle Cathrach na Gaillimhe | Bóthar Bhaile an Mhóinín | 5.44 | €6,250,000 | €7,006,412 | 2.28 | 24/11/2015 | 2.28 | €2,940,000 | — |
| C.C. Chill Dara | Baile an Chradógaigh, An Nás | 8.76 | €3,809,000 | €4,750,580 | 7.93 | 29/10/2015 | 4.35 | €5,900,000 | An ÚÁ agus an Ghníomhaireacht Tithíochta |
| C.C. Chill Dara | Claonadh, An Nás | 8.49 | €2,793,000 | €3,595,901 | 8.49 | 20/10/2015 | 4.79 | €3,200,000 | An ÚÁ agus an Ghníomhaireacht Tithíochta |
| C.C. Luimnigh | Cnoc Loinge | 4.17 | €413,000 | €434,019 | 3.46 | 27/02/2014 | 3.46 | €170,800 | — |
| C.C. na Mí | Páirceanna an Bhaile, Ceanannas | 4.39 | €2,100,000 | €2,516,241 | 4.39 | 02/06/2016 | 4.39 | €1,500,000 | — |
| C.C. Loch Garman | Baile Eoin, Guaire | 2.86 | €1,260,000 | €602,893 | 0.95 | 27/02/2014 | 0.95 | €220,000 | — |
| C.C. Loch Garman | An Charraig | 3.15 | €495,000 | €111,339 | 0.52 | 27/02/2014 | 0.52 | €100,000 | — |
| C.C. Loch Garman | Creagh 'B', Guaire | 10.88 | €2,793,000 | €369,488 | 0.73 | 27/02/2014 | 0.73 | €180,000 | — |
| **Líon iomlán na láithreán a bhfuil an fhorbairt críochnaithe nó ar siúl iontu** | | **54.80** | **€29,976,000** | **€30,771,220** | **33.81** | | **21.47** | **€14,210,800** | |

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA a forchúitiodh[a]** | **Líon heicteár aistrithe** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin[b]** | **Úinéir an láithreáin[c]** |
| **Pleananna forbartha nó maoiniú ceadaithe** | | | | | | | | | |
| Comhairle Baile Mhala | Bóthar Naomh Seosamh | 5.26 | €2,984,000 | €3,877,077 | 5.26 | 21/08/2015 | 5.26 | €970,000 | — |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta (2 láithreán)[d] | (1) Cartún Chruaich & Cill na Feadóige; (2) Lios Uí Mhulláin | 5.50 | €3,174,000 | €4,167,544 | 5.50 | 27/02/2014 | 5.50 | €700,000 | — |
| Comhairle Cathrach Phort Láirge | Cnoc na Croiche | 2.93 | €1,270,000 | €1,620,215 | 2.93 | 27/02/2014 | 2.93 | €590,000 | — |
| **Líon iomlán na láithreán a bhfuil pleananna forbartha nó maoiniú ceadaithe ag gabháil leo** | | **13.69** | **€7,428,000** | **€9,664,836** | **13.69** | | **13.69** | **€2,260,000** | |

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA a forchúitiodh[a]** | **Líon heicteár aistrithe** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin[b]** | **Úinéir an láithreáin[c]** |
| | | | | **Talamh a bhfuil tograí forbartha ag gabháil leis** | | | | | |
| C.C. Cheatharlach | Tigh an Réileáin | 3.20 | €635,000 | €499,835 | 1.89 | 27/02/2014 | 1.89 | €224,200 | — |
| C.C. Cheatharlach | Slate Row, Baile Haicéid | 4.04 | €559,000 | €611,677 | 3.23 | 27/02/2014 | 3.23 | €455,000 | — |
| C. C. Chorcaí | Carraig Thuathail | 3.28 | €2,412,000 | €1,474,014 | 2.02 | 26/11/2014 | 2.02 | €450,000 | — |
| C.C. Chill Dara | An Urnaí | 4.16 | €653,000 | €829,896 | 4.16 | 12/08/2015 | 4.16 | €170,000 | — |
| An Ghníomhaireacht Náisiúnta Foirgníochta | Bóthar an Tulaigh, Ceatharlach | 1.96 | €3,000,000 | €3,327,875 | 1.96 | 10/06/2017 | 1.96 | €395,000 | — |
| C.C. Shligigh | Tobar an Choire | 1.66 | €152,000 | €34,062 | 0.22 | 27/02/2014 | 0.22 | €7,320 | — |
| Comhairle Baile Thrá Lí | An Baile Ard, Trá Lí | 14.33 | €4,318,000 | €5,585,790 | 8.28 | 02/09/2014 | 8.28 | €300,000 | — |
| C.C. Loch Garman | Páirc an Pharóiste, Bun Clóidí | 2.30 | €543,000 | €283,233 | 0.71 | 27/02/2014 | 0.71 | €100,000 | — |
| C.C. Loch Garman | Teach Munna | 4.21 | €635,000 | €829,214 | 3.40 | 27/02/2014 | 3.40 | €350,000 | — |
| Comhairle Baile Chill Mhantáin | Radharc an Chnoic, Baile an Fhuarthain | 6.03 | €3,028,000 | €1,390,145 | 2.90 | 27/02/2014 | 2.90 | €1,080,000 | — |
| **Talamh iomlán a bhfuil tograí forbartha ag gabháil leis** | | **45.17** | **€15,935,000** | **€14,865,741** | **28.77** | | **28.77** | **€3,531,520** | |

| Údarás áitiúil (ÚÁ) | Láithreán | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon heicteár ceannaithe | Costas | Iasacht HFA a forchúitiodh[a] | Líon heicteár aistrithe | Dáta aistrithe | Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad | Luacháil láithreáin[b] | Úinéir an láithreáin[c] |
| **Le forbairt ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún** | | | | | | | | | |
| C.C. Fhine Gall | Hampton, Baile Brigín[e] | 24.21 | €19,046,000 | €26,479,174 | 24.21 | 27/02/2014 | 24.21 | €11,650,000 | — |
| Comhairle Baile an Náis | Dún Uí Dhubhuí (Beairic) | 5.66 | €8,888,000 | €11,522,100 | 5.66 | 20/10/2015 | 5.11 | €7,000,000 | An ÚÁ agus an Ghníomhaireacht Tithíochta |
| **Líon iomlán na láithreán le forbairt ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún** | | **29.87** | **€27,934,000** | **€38,001,274** | **29.87** | | **29.32** | **€18,650,000** | |

| Údarás áitiúil (ÚÁ) | Láithreán | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon heicteár ceannaithe | Costas | Iasacht HFA a forchúitiodh[a] | Líon heicteár aistrithe | Dáta aistrithe | Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad | Luacháil láithreáin[b] | Úinéir an láithreáin[c] |
| **Gan aon phleananna nó tograí forbartha** | | | | | | | | | |
| C.C. an Chláir | Lios Dúin Bhearna | 4.41 | €1,901,000 | €2,189,982 | 4.41 | 08/05/2014 | 4.41 | €80,000 | — |
| C. C. Chorcaí | Colleras, an Góilín | 0.82 | €393,000 | €348,337 | 0.50 | 27/02/2014 | 0.50 | €30,000 | — |
| C. C. Chorcaí | Cnoc na Graí | 2.03 | €203,000 | €241,595 | 1.31 | 27/02/2014 | 1.31 | €30,000 | — |
| C. C. Chorcaí | An Sleamhnán, Beanntraí | 15.26 | €2,413,000 | €2,788,750 | 13.48 | 07/12/2016 Clárú ar feitheamh le *PRAI* | 13.48 | €950,000 | — |
| C. C. Chorcaí | An Mhaoilinn | 1.65 | €89,000 | €115,032 | 1.65 | 27/02/2014 | 1.65 | €32,000 | — |
| C. C. Chorcaí | Baile Lombaird | 2.76 | €349,000 | €152,184 | 1.34 | 26/11/2014 | 1.34 | €50,000 | — |
| C.C. Chill Dara | Braichleasán | 4.04 | €1,550,000 | €1,929,294 | 4.04 | 08/06/2015 | 4.04 | €130,000 | — |
| C.C. Laoise | Bóthar an Mhachaire Ghailf, Ráth Domhnaigh | 1.98 | €267,000 | €342,668 | 1.98 | 21/02/2014 | 1.98 | €62,000 | — |
| C.C. Laoise | Baile an Chaisleáin | 5.62 | €508,000 | €111,392 | 1.50 | 27/02/2014 | 1.50 | €100,000 | — |
| C.C. Laoise | Bóthar Phort Laoise, Maighean Rátha | 3.10 | €654,000 | €849,818 | 3.10 | 27/02/2014 | 3.10 | €80,000 | — |
| C.C. Laoise | In aice Reilig Bhaile na Coille | 1.25 | €140,000 | €178,188 | 1.25 | 27/02/2014 | 1.25 | €50,000 | — |
| C.C. Laoise | Woodbrook, Maighean Rátha | 3.56 | €762,000 | €370,383 | 1.72 | 27/02/2014 | 1.72 | €175,000 | — |
| C.C. Luimnigh | An Gleann | 1.71 | €338,000 | €124,123 | 0.52 | 27/02/2014 | Nialas | N/B | Grúpa pobail áitiúil |
| C.C. Luimnigh | Baile Dhá Thuile | 1.67 | €63,000 | €54,466 | 1.21 | 27/02/2014 | 1.21 | €59,600 | — |

| Údarás áitiúil (ÚÁ) | Láithreán | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon heicteár ceannaithe | Costas | Iasacht HFA a forchúitiodh[a] | Líon heicteár aistrithe | Dáta aistrithe | Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad | Luacháil láithreáin[b] | Úinéir an láithreáin[c] |
| C.C. Luimnigh | Cnoc Uí Choileáin | 2.34 | €152,000 | €135,694 | 1.48 | 27/02/2014 | 1.48 | €28,800 | — |
| C.C. Luimnigh | An Brú | 2.37 | €190,000 | €229,899 | 2.07 | 27/02/2014 | 2.07 | €99,200 | — |
| C.C. Uíbh Fhailí | Suí Róin | 3.67 | €381,000 | €371,847 | 2.87 | 27/02/2014 | 2.87 | €100,000 | — |
| C.C. Shligigh | Baile an Tóchair | 1.31 | €210,000 | €274,344 | 1.31 | 27/02/2014 | 1.31 | €39,120 | — |
| C.C. Shligigh | Lios na Lorg | 13 | €11,198,000 | €4,828,276 | 11.80 | 11/08/2015 | 11.80 | €420,000 | — |
| C.C. Phort Láirge | Páirceanna an Bhaile Thoir, Tulach an Iarainn | 6.40 | €857,000 | €871,053 | 4.30 | 27/02/2014 | 4.30 | €330,000 | — |
| C.C. Loch Garman | Cnoc an Ospidéil, Bun Clóidí | 5 | €1,067,000 | €1,252,881 | 4.39 | 27/02/2014 | 4.39 | €434,000 | — |
| **Líon iomlán na láithreán gan aon phleananna nó tograí forbartha** | | **83.95** | **€23,685,000** | **€17,760,206** | **66.23** | | **65.71** | **€3,279,720** | |
| **Iomlán na gcatagóirí go léir** | | **227.48** | **€104,958,000** | **€111,063,277** | **172.37** | | **158.96** | **€41,932,040** | |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht Tithíochta

Nótaí:
a Cuimsítear leis eilimint chaipitil móide ús na hiasachta arna forchúiteamh.
b Rinneadh na luachálacha láithreáin in 2018. Rinneadh roinnt diúscairtí páirteacha i rith 2019. Sna cásanna sin, baineann an méid luachála atá tuairiscithe leis an láithreán iomlán, sula ndéantar aon diúscairt.
c Tá na láithreáin faoi úinéireacht iomlán na Gníomhaireachta Tithíochta mura luaitear a mhalairt.
d Tugadh ceadú do láithreán Lios Uí Mhulláin amháin (3.3 heicteár de 5.5 heicteár).
e Tá an fhorbairt críochnaithe cheana féin ar 1.4 heicteár den láithreán atá lonnaithe ag Hampton, Baile Brigín.

## Iarscríbhinn 12C Láithreáin arna n-aistriú ag údaráis áitiúla chuig an nGníomhaireacht Tithíochta, faoi shocruithe athbhreithnithe LAGS

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA blianacht-aithe** | **Líon heicteár aistrithe/le haistriú** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin** | **Úinéir an láithreáin[a]** | **Iarmhéid iasachtaí HFA** |
| **Forbairt críochnaithe nó ar siúl** | | | | | | | | | | |
| Comhairle Contae (C.C.) Cheatharlach[b] | Bóthar na Darach Ríoga | 10.1 | €3,226,000 | €50,484 | 0.11 | Fós le haistriú | Nialas | N/B | Gníomh-aireacht Tithíochta *Respond* | Nialas |
| C. C. Chorcaí | Na Mílte, Cloich na Coillte | 2.46 | €762,000 | €1,066,686 | 2.46 | 15/04/2015 | 0.47 | €965,000 | C.C. Chorcaí | €853,513 |
| C.C. Chorcaí | Bóthar Dhún Tháithín, Mainistir Fhear Maí | 3.98 | €2,618,000 | €3,535,156 | 3.98 | 16/10/2014 | Nialas | N/B | *ROS*[c] agus an ÚÁ | €2,733,804 |
| C. C. Chorcaí | Sráid Townsend, An Sciobairín | 0.13 | €152,000 | €253,467 | 0.13 | 03/08/2016 | 0.13 | €125,000 | - | €210,486 |
| Comhairle Baile Dhún Dealgan | Ascaill an Mhóta, Dún Dealgan | 3.09 | €3,400,000 | €4,158,868 | 3.09 | 12/08/2015 | 3.09 | €1,150,000 | - | €3,595,023 |
| C.C. Laoise | Bóthar Mhainistir Laoise, Port Laoise | 1.49 | €1,048,000 | €1,383,355 | 1.49 | 12/11/2015 | 1.49 | €450,000 | - | €1,052,392 |
| C.C. Laoise | Seanbhóthar Chnoc Muaí, Port Laoise | 1.03 | €1,680,000 | €2,067,743 | 1.03 | 21/02/2014 | 1.03 | €300,000 | - | €1,609,081 |
| C. C. Chorcaí | Bóthar na Beairice, Eochaill | 1.16 | €900,000 | €1,136,077 | 1.16 | 29/08/2019 Clárú ar feitheamh le *PRAI* | 1.16 | €170,000 | - | €1,074,377 |
| **Líon iomlán na láithreán a bhfuil an fhorbairt críochnaithe nó ar siúl iontu** | | **23.44** | **€13,786,000** | **€13,651,836** | **13.45** | | **7.37** | **€3,160,000** | | **€11,128,676** |

| Údarás áitiúil (ÚÁ) | Láithreán | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Líon heicteár ceannaithe | Costas | Iasacht HFA blianacht-aithe | Líon heicteár aistrithe/le haistriú | Dáta aistrithe | Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad | Luacháil láithreáin | Úinéir an láithreáin[a] | Iarmhéid iasachtaí HFA |
| **Talamh a bhfuil tograí forbartha ag gabháil leis** | | | | | | | | | | |
| C.C. Cheatharlach | Pápais | 2.20 | €735,000 | €960,510 | 2.20 | 08/06/2015 | 2.20 | €380,000 | - | €748,707 |
| C. C. Chorcaí | Cloch Mhac Siomóin, Droichead na Bandan, | 3.63 | €2,159,000 | €3,006,467 | 3.63 | 29/01/2015 | 3.63 | €535,000 | - | €2,405,638 |
| C.C. Laoise | Bóthar Dhoire, Darú | 1.03 | €450,000 | €554,089 | 1.03 | 09/03/2015 | 1.03 | €80,000 | - | €431,182 |
| C.C. Luimnigh | An Cheapach Mhór | 2.50 | €254,000 | €99,397 | 1.25 | 22/04/2014 | 1.25 | €10,800 | - | €75,842 |
| Comhairle Baile Thulach Mhór | Lána Uí Choileáin, An Tulach Mhór | 5.79 | €3,925,000 | €4,836,977 | 4.34 | 21/05/2015 | 4.34 | €1,100,000 | - | €3,673,575 |
| C.C. Loch Garman | Ceann Poill | 2.99 | €174,000 | €236,635 | 0.76 | 25/08/2015 | 0.76 | €100,000 | - | €189,344 |
| C.C. Loch Garman (2 láithreán) | An Caisleán Maol | 10.64 | €3,345,000 | €3,744,513 | 7.35 | 15/12/2014<br>Clárú ar feitheamh le *PRAI* | 7.35 | €550,000 | - | €2,833,495 |
| **Talamh iomlán a bhfuil tograí forbartha ag gabháil leis** | | **28.78** | **€11,042,000** | **€13,438,588** | **20.56** | | **20.56** | **€2,755,800** | | **€10,357,783** |

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA blianacht-aithe** | **Líon heicteár aistrithe/le haistriú** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin** | **Úinéir an láithreáin[a]** | **Iarmhéid iasachtaí HFA** |
| **Le forbairt ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún** | | | | | | | | | | |
| C.C. Fhine Gall | Baile Haicéid | 7.3 | €5,523,000 | €7,285,628 | 7.30 | 16/09/2013 | 7.30 | €4,250,000 | - | €5,629,439 |
| **Talamh iomlán le forbairt ag an nGníomhaireacht Forbartha Talún** | | **7.3** | **€5,523,000** | **€7,285,628** | **7.30** | | **7.30** | **€4,250,000** | | **€5,629,439** |

| | | Ceannaithe ag an ÚÁ | | Aistrithe ag an ÚÁ | | | An staid reatha (amhail an 31 Nollaig 2019) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Údarás áitiúil (ÚÁ)** | **Láithreán** | **Líon heicteár ceannaithe** | **Costas** | **Iasacht HFA blianacht-aithe** | **Líon heicteár aistrithe/le haistriú** | **Dáta aistrithe** | **Líon heictéar ar leis an nGníomhaireacht Tithíochta iad** | **Luacháil láithreáin** | **Úinéir an láithreáin[a]** | **Iarmhéid iasachtaí HFA** |
| | | | | **Níl aon phleananna forbartha ná tograí i bhfeidhm** | | | | | | |
| C. C. Chorcaí | Bréantrá | 1.40 | €444,000 | €622,233 | 1.40 | 05/09/2016<br>Clárú ar feitheamh le *PRAI* | 1.40 | €260,000 | - | €526,969 |
| C. C. Chorcaí | Páirc na bhFianna, Baile Mhistéala | 13.35 | €4,317,000 | €3,781,435 | 8.59 | 30/11/2016 | 8.59 | €530,000 | - | €3,025,731 |
| C. C. Chorcaí | An Druipseach | 1.30 | €540,000 | €708,517 | 1.30 | 20/05/2015 | 1.30 | €47,500 | - | €566,922 |
| C.C. Fhine Gall | Baile Gháire | 3.34 | €1,778,000 | €1,554,332 | 2.77 | 23/01/2013 | 2.77 | €1,026,000 | - | €1,182,464 |
| C.C. Laoise | Sráid na Bríde, Baile na Cille | 0.92 | €260,000 | €340,359 | 0.92 | 14/03/2016 | 0.92 | €40,000 | - | €258,930 |
| C.C. Laoise | An Dúnán | 0.74 | €100,000 | €123,158 | 0.74 | 21/02/2014 | 0.74 | €25,000 | - | €95,839 |
| C.C. Laoise | Bóthar an Mhachaire Ghailf, Ráth Domhnaigh | 2.13 | €1,000,000 | €1,243,533 | 2.13 | 27/02/2014 | 2.13 | €63,000 | - | €967,695 |
| C.C. Uíbh Fhailí | Cill Chormaic | 1.42 | €800,000 | €622,331 | 1.22 | 16/10/2014 | 1.22 | €40,000 | - | €476,486 |
| Comhairle Buirge Shligigh | Baile Átha an Fhóid | 15.18 | €6,146,000 | €8,830,266 | 15.18 | 23/12/2014 | 15.18 | €500,000 | - | €6,717,659 |
| **Líon iomlán na láithreán gan aon phleananna nó tograí forbartha** | | **39.78** | **€15,385,000** | **€17,826,164** | **34.25** | | **34.25** | **€2,531,500** | | **€13,818,695** |
| **Iomlán na gcatagóirí go léir** | | **99.30** | **€45,736,000** | **€52,202,216** | **75.56** | | **69.48** | **€12,697,300** | | **€40,934,593** |

Foinse: An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus an Ghníomhaireacht Tithíochta

Nótaí:
a Tá na láithreáin faoi úinéireacht iomlán na Gníomhaireachta Tithíochta mura luaitear a mhalairt.
b Tá cuid bheag (0.11 heicteár) den láithreán 10.1-heicteár le haistriú chuig an nGníomhaireacht Tithíochta faoi LAGS. I bhfianaise mhéid na hiasachta a bheith réasúnta íseal, fuasclaíodh an iasacht HFA ina hiomláine, seachas í a bhlianachtú. Ní raibh an láithreán aistrithe go dtí an Ghníomhaireacht Tithíochta go fóill, amhail an 31 Nollaig 2019.
c An Roinn Oideachais agus Scileanna.